Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2021**
**(OR. en)**

**6729/1/21**
**REV 1**

**SOC 111**
**EMPL 73**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, don Danmhairg |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtchinneadh ón gComhairle lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, don Danmhairg.

Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach
den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[1], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ina Cinneadh an 21 Meán Fómhair 2020[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Jens TROLDBORG as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Danmhairge don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
2 IO C 315I, 23.09.2020, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Birgitte NYMARK ina comhalta malartach den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Jens TROLDBORG, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán